Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2023/2052(INI)

24.10.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an moladh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an staid sa tSiria
(2023/2052(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Nathalie Loiseau

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA.....3

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an staid sa tSiria
(2023/2052(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Riail 118 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0000/2023),

A. de bhrí gur theip ar phróisis na Ginéive agus Astana, á chur san áireamh gur dhiúltaigh réimeas na Siria dul i mbun caibidlíocht dháiríre i gcomhair réiteach polaitiúil leis an bhfreasúra;

B. de bhrí, ó 2011, go bhfuair 500 000 Siriach bás agus gur easáitíodh 14 mhilliún Siriach mar gheall ar ghníomhaíochtaí foréigneacha ó ghrúpaí armtha agus grúpaí sceimhlitheoireachta, ach, go príomha, toisc gur chuir réimeas na Siria a dhaonra féin faoi chois le cabhair óna chomhghuaillithe; gur áiríodh leis an gcur faoi chois sin úsáid arm ceimiceach, buamaí loiscneacha, buamaí bairille, diúracán agus gnáth-aerbhuamála i gcoinne sibhialtach; go bhfuil 150 000 Siriach ar a laghad ar iarraidh i gcóras shluachampaí géibhinn an réimis, agus nach mbíonn teaghlaigh i gcónaí coinnithe ar an eolas maidir lena ngaolta;

C. de bhrí go bhfuil ról millteach ag gníomhaithe eachtracha údarásaíocha, go háirithe an Rúis, mílíste Wagner, Hezbollah agus an Iaráin, sa tír ó 2011 agus nach bhfuil smacht ag réimeas na Siria ar chríoch iomlán an náisiúin agus nach féidir leis maireachtáil ach amháin le tacaíocht ó na gníomhaithe eachtracha sin;

D. de bhrí go dtugann an Tuirc faoi ghníomhaíochtaí armtha ar mórscála i gcríoch na Siria ar bhonn rialta;

E. de bhrí go bhfuil Coireanna déanta ag an Stát Ioslamach in aghaidh an Chine Dhaonna, amhail an cinedhíothú, sna críocha atá faoina smacht go sealadach sular ghníomhaigh an chomhghuaillíocht idirnáisiúnta;

F. de bhrí go bhfuil sócmhainní 289 nduine aonair agus 70 eintiteas a bhí rannpháirteach go díreach sna gníomhaíochtaí a chuireann an daonra faoi chois faoi réir smachtbhannaí Eorpacha;

G. de bhrí, toisc go leanann an Rúis de bhaic a chur ar Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (NA), nach bhfuil ach pointe trasnaithe amháin á choinneáil ar oscailt idir an Tuirc agus na criosanna nach bhfuil faoi smacht an réimis chun cabhair dhaonnúil idirnáisiúnta a bhaint amach;

H. de bhrí go bhfuil roinnt tíortha sa réigiún i mbun próiseas normalaithe maidir lena gcaidreamh le réimeas na Siria, rud a chiallaíonn go ndéanfaí an tSiria a thabhairt ar ais

isteach i Léig na Stát Arabach;

I. de bhrí gurb iad an tAontas agus a Bhallstáit na príomhdheontóirí do na daonraí dá ndearna difear mar gheall ar an gcoimhlint ó 2011, agus os cionn EUR 30 billiún deonaithe acu; gurbh ionann an cabhair Eorpach a gealladh i gcomhdháil na Bruiséile i mí Meitheamh 2023 agus EUR 3.8 billiún as EUR 5.6 billiún ar an iomlán; gur sholáthair an tAontas agus na Ballstáit cabhair éigeandála nuair a bhí an tSiria buailte ag an gcrith talún agus, ar an 23 Feabhra 2023, gur chinn an tAontas eisceacht shealadach dhaonnúil a thabhairt i leith na smachtbhannaí chun seachadadh na cabhrach do na híospartaigh a éascú;

J. de bhrí nach féidir le stát na Siria freastal ar bhunriachtanais an daonra ach amháin ar bhealach an-neamhdhóthanach, go bhfuil staid eacnamaíoch na tíre thar a bheith forbhásach agus go bhfuil an tSiria tiontaithe ina narcastát;

1. á mholadh don Chomhairle, don Choimisiún agus do Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, maidir lena mbeartas *vis-à-vis* an tSiria, na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

Próiseas polaitiúil

a) a mheabhrú go dtacaíonn an tAontas le mianta daonlathacha na Siria atá fós ann sa tír, in ainneoin chur faoi chois iomlán an réimis ó tharla na stailceanna síochánta in 2011, le cabhair mhíleata agus airgeadais chinntitheach ón Iaráin agus ón Rúis ionas go gcoinníonn clan Assad a cuid cumhachta;

b) béim a chur ar fhreagracht áirithe an réimis as na 500 000 sibhialtach a fuair bás, as milleadh na tíre, as easáitiú thromlach an daonra, as céasadh agus fuadach 150 000 duine sa chóras sluachampaí géibhinn, as úsáid arm ceimiceach in aghaidh sibhialtach agus as gach freasúra síochánta a scriosadh go córasach;

c) cur in aghaidh an normalaithe le réimeas Assad gan forbairtí móra infhíoraithe ar chur chun feidhme Rún 2252 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, go háirithe saoradh na bpríosúnach polaitiúil, teaghlaigh na n-íospartach a chur ar an eolas maidir leis na daoine atá ar iarraidh agus stop a chur le gach ionsaí agus gach bac ar an gcabhair dhaonnúil;

d) béim a chur ar an bhfíoras, in ainneoin an chinnidh cheannasaigh a rinne stáit Arabacha áirithe chun an tSiria a ligean ar ais isteach i Léig na Stát Arabach, nár léirigh réimeas na Siria in aon chor gur mian leis an gháinneáil ar dhrugaí a cuireadh ar bun sa tír, agus a dhéanann difear don réigiún ar fad, a chomhrac; cáineadh a dhéanamh ar urghabháil an druga Captagon ag teaghlach Assad agus a chomhghuaillithe, amhail Hezbollah, a meastar a bhfuil luach USD 57 mbilliún ar an ngnó a bhaineann leis an druga; a chur i bhfios go bhfuil deartháir Bachar Al-Assad i gceannas an aonaid den arm a bhfuil sé de chúram air a tháirgeadh a éascú;

e) béim a chur ar bhfíoras gurb iad cur faoi chois, míbhainistiú agus éilliú sa réimeas na cúiseanna leis an staid eacnamaíoch, agus nach cúiseanna iad na smachtbhannaí Eorpacha atá spriocdhírithe ar dhaoine aonair agus ar eintitis atá rannpháirteach sa chur faoi chois;

f) eisceachtaí comhleanúnacha, fairsinge agus soiléire a thabhairt go tapa d'eagraíochtaí daonnúla idirnáisiúnta iontaofa; léirmhíniú na mBallstát a chomhchuibhiú, a mhéid is féidir, i leith an rialacháin maidir le bearta sriantacha sa tSiria, agus Rún 2664 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an gcabhair dhaonnúil a chur i bhfeidhm orthu;

g) aitheantas a thabhairt do mhisneach na n-agóideoirí i gcathracha Souweïda agus Deraa, a d'éirigh amach go síochánta i gcoinne réimeas Assad ó Lúnasa 2023;

Slándáil

h) a chur in iúl gur saoth leo láithreacht leanúnach na gcéadta bunáiteanna agus mílístí Iaránacha agus Rúiseacha ar chríoch na Siria; a chur in iúl gur cúis bhuartha dóibh dúshaothrú eacnamaíoch na tíre ag cumhachtaí eachtracha creachacha;

i) cáineadh a dhéanamh ar na hionsaithe ó fhórsaí na Tuirce agus an smacht forghabhála atá acu ar chríocha na Siria sa tuaisceart; a chur in iúl gur cúis mhór bhuartha dóibh go leanann freasúra Ioslamaíoch de bheith i láthair i gcúige Idlib; tacú le coinneáil na comhghuaillíochta idirnáisiúnta i gcoinne an Stáit Ioslamaigh, atá fós gníomhach sa tSiria in ainneoin treascairtí tábhachtacha;

j) ról na bhfórsaí daonlathacha Siriacha sa chomhrac in aghaidh Da'esh a thabhairt chun suntais;

k) a thathant ar na Ballstáit aisdúichiú a náisiúnach atá i gcampaí príosúin jiohádacha Al-Hol agus Roj a chur i gcrích agus breithiúnas a thabhairt orthu as a gcoireanna;

l) tuilleadh iarracht a dhéanamh chun an bhréagaisnéis ón Rúis maidir leis an tSiria a chomhrac, go háirithe i measc Léig na Stát Arabach;

An tsaoirse ó phionós a chomhrac

m) béim a chur ar an bhfíoras go bhfuil an comhrac i gcoinne na saoirse ó phionós ina riachtanas morálta agus polaitiúil don Eoraip; a chur in iúl gur geal léi dul chun cinn breithiúnach na foirne comhpháirtí imscrúdaithe Franc-Ghearmánach do choirp na 11 000 íospartach céasta a sainaithníodh i tuarascáil César, fionraí na Siria ón Eagraíocht Idirnáisiúnta um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha agus an dul chun cinn atá déanta sa Ghearmáin, sa Fhrainc agus sa tSualainn chun coirpigh Shiriacha a thabhairt os comhair cúirte;

n) malartú faisnéise uathoibríoch a iarraidh láithreach bonn idir na Ballstáit uile faoi na coirpigh chogaidh ar diúltaíodh a n-iarratais ar thearmann faoi Airteagal 1(F) den Choinbhinsiún i dtaobh Stádas Dídeanaithe;

o) comhthiomsú saineolaithe agus ateangairí a iarraidh idir na húdaráis bhreithiúnacha agus phóilíneachta, agus a iarraidh go mbeadh ionchúisitheoir ainmnithe i ngach Stát le haghaidh na gcoireanna in aghaidh na daonnachta; a iarraidh go ndéanfaí scoláireachtaí Eorpacha a bhronnadh go sonrach ar Shiriaigh a bhfuil oiliúint bhreithiúnach á lorg acu;

p) a iarraidh ar na Ballstáit ciste Eorpach a bhunú le haghaidh íospartaigh na gcoireanna in aghaidh na daonnachta sa tSiria, trí chreat dlíthiúil lena gceadaítear cistí reoite a aistriú chuig teaghlaigh na n-íospartach atá nasctha leis na sócmhainní a fuair réimeas na Siria go neamhdhleathach;

q) aitheantas a thabhairt do ghlacadh Rún ó na Náisiúin Aontaithe an 29 Meitheamh 2023 lena mbunaítear institiúid do na daoine a fuadaíodh sa tSiria, agus chun leanúint de mhaoiniú an tsásra idirnáisiúnta, neamhspleách agus neamhchlaonta chun tacú leis na fiosrúcháin ar na coireanna ba thromchúisí a rinneadh sa tSiria ó 2011 amach;

Cabhair dhaonnúil agus dídeanaithe

r) cuireadh a thabhairt don phobal idirnáisiúnta, le linn Chomhdháil na Bruiséile 2024, a chabhair dhaonnúil a mhéadú go práinneach do na 15.3 milliún Siriach atá ag brath uirthi go laethúil; a thathant go gcuirfí uisce óil, oideachas agus tacaíocht bhuiséadach ar fáil go fadtéarmach atá oiriúnaithe do riachtanas na mban; a mheabhrú gurb é an tAontas an phríomhdheontóir sa réimse seo; aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí leantacha ón Liobáin, ón Iordáin, ón Tuirc agus ón Iaráic chun 6 mhilliún dídeanaithe a ghlacadh le linn dálaí eacnamaíocha deacra;

s) cáineadh a dhéanamh ar iarrachtaí córasacha réimeas na Siria chun cabhair dhaonnúil idirnáisiúnta a atreorú chuig na mílístí agus chun an ráta malairte a ionramháil leis an aidhm chun tromlach na cabhrach a fháil sna críocha a bhfuil smacht aige orthu;

t) cáineadh láidir a dhéanamh ar na crosa dochomhairthe atá déanta ag an Rúis i gcoinne cabhair a sholáthar do na daonraí sa tuaisceart; cáineadh a dhéanamh arís ar a hiarrachtaí chun íomhá na gClogán Bán (Cosaint Shibhialta Shiria) a mhilleadh;

u) a mheabhrú nach measfaí gur tír shábháilte í an tSiria, go páirteach nó go hiomlán, d'fhilleadh na náisiúnach ar dídeanaithe iad san Eoraip, a theith ó choireanna an réimis agus a bheadh i mbaol céasta agus fuadach forfheidhmithe dá rachaidís ar ais chuig an tSiria;

2. á threorú dá hUachtarán an moladh seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, agus é a aistriú go hAraibis agus a fhoilsiú in Araibis.